Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10586 — MGL / MSP / O'CONNOR / MCLAREN RACING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 120/07)

1. An 7 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— UBS O'Connor LLC ("O'Connor", Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá á rialú ag UBS AG ("UBS", an Eilvéis);

— MSP Racing Holdings, L.P. ("MSP", Stáit Aontaithe Mheiriceá);

— McLaren Group Limited ("MGL", an Ríocht Aontaithe), atá á rialú ag Bahrain Mumtalakat Holding Company B.S.C.(c) ('Mumtalakat, Bairéin);

— McLaren Racing Limited (an "JV", an Ríocht Aontaithe).

Faigheann O'Connor, MSP agus MGL (le chéile, na "Páirtithe a thug fógra") rialú comhpháirteach ar an JV (an "tIdirbheart") de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás O'Connor: comhairleoir infheistíochta atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe a chuireann seirbhísí comhairleacha infheistíochta ar fáil dá chliaint, lena n-áirítear cistí infheistíochta agus infheisteoirí sofaisticiúla,

— i gcás MSP: gnólacht comhairleach infheistíochta atá lonnaithe go príobháideach sna Stáit Aontaithe agus a bhainistíonn infheistíochtaí i bhfoirne spóirt gairmiúla, i sraitheanna gairmiúla, agus i ngnólachtaí in éiceachóras an spóirt,

— i gcás MGL: cuideachta sealbhaíochta do ghníomhaíochtaí gnó ghrúpa McLaren. Tá dhá roinn thábhachtacha i ngnó ghrúpa McLaren, i.e. (i) McLaren Automotive Limited, soláthraí carranna ardfheidhmíochta sóchais; agus (ii) an JV,

— i gcás an JV: forbairt, táirgeadh, rásaíocht agus margaíocht i ndáil lena rannpháirtíocht i mótarspórt Foirmle 1. Anuas ar a ghnó Foirmle 1, tá McLaren Racing gníomhach freisin i sraitheanna eile mótarspórt amhail IndyCar Series atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, áit ina gcomhoibríonn McLaren Racing, agus tugann sé tacaíocht theicniúil faoi láthair don fhoireann rásaíochta de chuid na Stát Aontaithe *Arrow McLaren SP*.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10586 — MGL / MSP / O'CONNOR / MCLAREN RACING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË